RIALACHÁN (AE) 2023/1594 ÓN gCOMHAIRLE

an 3 Lúnasa 2023

lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhealarúis agus rannpháirtíocht na Bealarúise i bhfogha na Rúise faoin Úcráin

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 215 de,

Ag féachaint do Chinneadh 2012/642/CBES ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 2012 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhealarúis agus rannpháirtíocht na Bealarúise i bhfogha na Rúise; faoin Úcráin ([1]),

Ag féachaint don togra comhpháirteach ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 18 Bealtaine 2006, ghlac an Chomhairle Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 ([2]).

(2) Le Rialachán (CE) Uimh. 765/2006, tugtar éifeacht do bhearta áirithe dá bhforáiltear i gCinneadh 2012/642/CBES.

(3) Le Cinneadh (CBES) 2023/1601 ón gComhairle ([3]) , cuirtear toirmeasc ar dhíol, soláthar, aistriú nó onnmhairiú arm tine, a bpáirteanna agus a gcomhpháirteanna riachtanacha agus armlón leis an mBealarúis. Cumhdaítear freisin earraí atá faoi réir an toirmisc sin le Rialachán (AE) Uimh. 258/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]). Sa chomhthéacs sin, caithfear le Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 mar *lex specialis* agus, dá bhrí sin, i gcás coinbhleachta, beidh tosaíocht aige ar Rialachán (AE) Uimh. 258/2012.

(4) Le Cinneadh (CBES) 2023/1601 leathnaítear liosta na n-ítimí a chuireann le feabhsú míleata agus teicneolaíoch na Bealarúise nó le forbairt a hearnála cosanta agus slándála trí ítimí a chur leis a d'úsáid an Rúis le haghaidh a cogaidh fhoghaigh i gcoinne na hÚcráine agus ítimí a chuireann le forbairt nó táirgeadh chórais mhíleata na Bealarúise, lena n-áirítear gléasanna leathsheoltóra, ciorcaid iomlánaithe leictreonacha, trealamh monaraíochta agus tástála, ceamaraí grianghrafadóireachta agus comhpháirteanna optúla, comhpháirteanna leictreacha/maighnéadacha eile, agus gléasanna, modúil agus cóimeálacha leictreonacha.

(5) Is iomchuí toirmeasc onnmhairiúcháin a fhorchur ar earraí agus teicneolaíochta atá oiriúnach lena n-úsáid san eitlíocht agus i dtionscal an spáis, lena n-áirítear innill aerárthaí agus a bpáirteanna maidir le haerárthaí foireannaithe agus neamhfhoireannaithe araon. Ina theannta sin, le Cinneadh (CBES) 2023/1601 tugtar isteach deis le gur féidir le húdaráis inniúla náisiúnta maoluithe a dheonú chun go bhféadfar earraí eitlíochta áirithe a úsáidtear go forleathan i réimse an leighis freisin a onnmhairiú chun críoch leighis, cógaisíochta nó daonnúil.

([1]) IO L 285, 17.10.2012, lch. 1.

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 ón gComhairle an 18 Bealtaine 2006 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhealarúis agus rannpháirtíocht na Bealarúise i bhfogha na Rúise faoin Úcráin (IO L 134, 20.5.2006, lch. 1).

([3]) Cinneadh (CBES) 2023/1601 ón gComhairle an 3 Lúnasa 2023 lena leasaítear Cinneadh 2012/642/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhealarúis agus rannpháirtíocht na Bealarúise i bhfogha na Rúise faoin Úcráin (Féach leathanach 37 IO an Iris Oifigiúil).

([4]) Rialachán (AE) Uimh. 258/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Márta 2012 lena gcuirtear Airteagal 10 de Phrótacal na Náisiún Aontaithe i gcoinne monarú agus gáinneáil aindleathach arm tine, a bpáirteanna agus a gcomhpháirteanna agus armlóin, lena bhforlíontar Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh coireachta eagraithe trasnáisiúnta (Prótacal Arm Tine na Náisiún Aontaithe) chun feidhme, agus lena mbunaítear bearta i ndáil le húdarú onnmhairithe, le hallmhairithe agus le hidirthurais le haghaidh arm tine, a bpáirteanna agus a gcomhpháirteanna agus armlóin (IO L 94, 30.3.2012, lch. 1).

(6) An 26 Eanáir 2023, chuir Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ('an tArdionadaí') togra i láthair le haghaidh Cinneadh ón gComhairle chun Cinneadh 2012/642/CBES a leasú agus chuir an tArdionadaí agus an Coimisiún togra comhpháirteach i láthair le haghaidh Rialachán ón gComhairle chun Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 a leasú. I bhfianaise a phráinní atá sé an t-imchéimniú a chomhrac maidir le hearraí íogaire áirithe, cuirfear dlús le forálacha maidir leis na hearraí sin a ghlacadh gan dochar don chuid eile de na tograí sin.

(7) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 mar a leanas:

(1) cuirtear an t-airteagal seo a leanas isteach:

'*Airteagal 1ba*

1. Gan dochar d'Airteagal 1a den Rialachán seo, maidir le hairm thine, a bpáirteanna agus a gcomhpháirteanna riachtanacha agus a n-armlón, mar a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 258/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*), agus airm thine agus airm eile mar a liostaítear in Iarscríbhinn XVI a ghabhann leis an Rialachán seo, bíodh siad de thionscnamh an Aontais nó ná bíodh, beidh toirmeasc ar na hairm sin a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, go díreach nó go hindíreach, le haon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Bhealarúis nó lena n-úsáid sa Bhealarúis.

2. Beidh toirmeasc ar an méid seo a leanas:

(a) cúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar a bhaineann leis na hearraí dá dtagraítear i mír 1 agus a bhaineann le soláthar, monarú, cothabháil agus úsáid na n-earraí sin, go díreach nó go hindíreach, d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, d'aon eintiteas nó comhlacht sa Bhealarúis nó lena n-úsáid sa Bhealarúis; nó

(b) maoiniú nó cúnamh airgeadais a bhaineann leis na hearraí dá dtagraítear i mír 1 a sholáthar chun na hearraí sin a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, nó chun cúnamh teicniúil gaolmhar, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí gaolmhara eile a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, d'aon eintiteas nó comhlacht sa Bhealarúis nó lena n-úsáid sa Bhealarúis.'

(*) Rialachán (AE) Uimh. 258/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Márta 2012 lena gcuirtear Airteagal 10 de Phrótacal na Náisiún Aontaithe i gcoinne monarú agus gáinneáil aindleathach arm tine, a bpáirteanna agus a gcomhpháirteanna agus armlóin, lena bhforlíontar Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh coireachta eagraithe trasnáisiúnta (Prótacal Arm Tine na Náisiún Aontaithe) chun feidhme, agus lena mbunaítear bearta i ndáil le húdarú onnmhairithe, le hallmhairithe agus le hidirthurais le haghaidh arm tine, a bpáirteanna agus a gcomhpháirteanna agus armlóin (IO L 94, 30.3.2012, lch. 1).;

(2) Cuirtear an méid seo a leanas isteach in ionad Airteagail 1e agus 1f:

'*Airteagal 1e*

1. Beidh toirmeasc ar earraí agus teicneolaíocht dé-úsáide a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, go díreach nó go hindíreach, bíodh na hearraí agus an teicneolaíocht sin de thionscnamh an Aontais nó ná bíodh, le haon duine nádúrtha nó dlítheanach, le haon eintiteas nó comhlacht sa Bhealarúis nó lena n-úsáid sa Bhealarúis.

2. Beidh toirmeasc ar an méid seo a leanas:

(a) cúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a bhaineann leis na hearraí agus an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 agus a bhaineann le soláthar, monarú, cothabháil agus úsáid na n-earraí agus na teicneolaíochta sin, a sholáthar go díreach nó go hindíreach, d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, d'aon eintiteas nó comhlacht sa Bhealarúis nó lena n-úsáid sa Bhealarúis; nó

(b) maoiniú nó cúnamh airgeadais a bhaineann leis na hearraí agus leis an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 a sholáthar i ndáil leis na hearraí agus an teicneolaíocht sin a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, nó i ndáil le cúnamh teicniúil gaolmhar, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí gaolmhara eile a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, d'aon eintiteas nó comhlacht sa Bhealarúis nó lena n-úsáid sa Bhealarúis.

3. Gan dochar do na ceanglais údaraithe de bhun Rialachán (AE) 2021/821, ní bheidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1 agus 2 maidir le hearraí ná teicneolaíocht dé-úsáide a dhíol, a sholáthar, a aistriú ná a onnmhairiú, ná le cúnamh gaolmhar teicniúil nó airgeadais a sholáthar, i gcomhair úsáid neamh-mhíleata agus d'úsáideoir deiridh neamh-mhíleata, más beartaithe don mhéid seo a leanas atá sé:

(a) críocha daonnúla, éigeandálaí sláinte, chun teagmhas a chosc nó a mhaolú go práinneach ar dócha go mbeadh tionchar tromchúiseach suntasach aige ar shláinte agus ar shábháilteacht an duine nó ar an gcomhshaol, nó mar fhreagairt ar thubaistí nádúrtha;

(b) críocha leighis nó cógaisíochta;

(c) onnmhairiú sealadach ítimí lena n-úsáid ag na meáin nuachta;

(d) nuashonruithe bogearraí;

(e) úsáid mar ghléasanna cumarsáide tomhaltóirí; nó

(f) úsáid phearsanta daoine nádúrtha atá ag taisteal chun na Bealarúise nó daoine dá neasteaghlach atá ag taisteal ina dteannta, agus é sin teoranta d'earraí pearsanta, earraí tí, feithiclí nó uirlisí ceirde atá faoi úinéireacht na ndaoine aonair sin agus nach bhfuil beartaithe lena ndíol.

Cé is moite de phointe (f) den chéad fhomhír, dearbhóidh an t-onnmhaireoir sa dearbhú custaim go bhfuil na hítimí sin á n-onnmhairiú faoin eisceacht ábhartha a leagtar amach sa mhír seo agus tabharfaidh sé fógra d'údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil an t-onnmhaireoir ina chónaí nó ina bhfuil sé bunaithe le haghaidh chéad úsáid na heisceachta ábhartha laistigh de 30 lá tar éis an dáta ar tharla an chéad onnmhairiú.

4. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2, agus gan dochar do na ceanglais údaraithe de bhun Rialachán (AE) 2021/821, féadfaidh na húdaráis inniúla a údarú earraí agus teicneolaíocht dé-úsáide a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, nó cúnamh gaolmhar teicniúil nó airgeadais a sholáthar, i gcomhair úsáid neamh-mhíleata agus d'úsáideoir deiridh neamh-mhíleata, tar éis don údarás sin a chinneadh gur beartaithe don mhéid seo a leanas atá na hearraí nó an teicneolaíocht sin nó an cúnamh gaolmhar teicniúil nó airgeadais sin:

(a) comhar idir an tAontas, rialtais na mBallstát agus rialtas na Bealarúise in ábhair ar ábhair shibhialtacha amháin iad;

(b) comhar idir-rialtasach i gcláir spáis;

(c) oibriú, cothabháil, athchóireáil breosla agus sábháilteacht cumas núicléach sibhialta, chomh maith le comhar núicléach sibhialta, go háirithe i réimse an taighde agus na forbartha;

(d) sábháilteacht mhuirí;

(e) líonraí cumarsáide leictreonaí sibhialtacha nach bhfuil ar fáil go poiblí agus nach maoin iad de chuid eintitis atá faoi rialú poiblí nó faoi úinéireacht phoiblí os cionn 50 %;

(f) úsáid eisiach eintiteas atá faoi úinéireacht, nó á rialú go haonarach nó i gcomhpháirt ag duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá corpraithe nó comhdhéanta faoi dhlí Ballstáit nó tíre comhpháirtíochta;

(g) ionadaíocht taidhleoireachta an Aontais, na mBallstát agus na dtíortha comhpháirtíochta, lena n-áirítear toscaireachtaí, ambasáidí agus misin; nó

(h) an chibearshlándáil agus slándáil faisnéise a áirithiú do dhaoine nádúrtha agus dlítheanacha, d'eintitis agus do chomhlachtaí sa Bhealarúis, cé is moite dá rialtas agus do na gnóthais atá faoi rialú díreach nó indíreach an rialtais sin.

5. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2, agus gan dochar do na ceanglais údaraithe de bhun Rialachán (AE) 2021/821, féadfaidh na húdaráis inniúla a údarú earraí nó teicneolaíocht dé-úsáide a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, nó an cúnamh gaolmhar teicniúil nó airgeadais a sholáthar, i gcomhair úsáid neamh-mhíleata agus d'úsáideoir deiridh neamh-mhíleata, tar éis don údarás sin a chinneadh go bhfuil na hearraí nó an teicneolaíocht sin nó an cúnamh gaolmhar teicniúil nó airgeadais sin dlite faoi chonarthaí a tugadh i gcrích roimh an 3 Márta 2022, nó faoi chonarthaí coimhdeacha is gá chun conarthaí mar sin a fhorghníomhú, ar choinníoll gur iarradh an t-údarú roimh an 1 Bealtaine 2022.

6. Na húdaruithe uile a éilítear faoin Airteagal seo, deonóidh na húdaráis inniúla iad i gcomhréir leis na rialacha agus leis na nósanna imeachta a leagtar síos i Rialachán (AE) 2021/821, a mbeidh feidhm *mutatis mutandis* aige. Beidh an t-údarú bailí ar fud an Aontais.

7. Agus cinneadh á dhéanamh maidir le hiarrataí ar údaruithe dá dtagraítear i míreanna 4 agus 5, ní dhéanfaidh na húdaráis inniúla údarú a dheonú má tá forais réasúnta acu leis an méid seo a leanas a chreidiúint:

(i) go bhféadfadh sé gur úsáideoir deiridh míleata, nó duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht a liostaítear in Iarscríbhinn V atá san úsáideoir deiridh nó go bhféadfadh úsáid deiridh mhíleata a bheith ag na hearraí murar rud é go gceadaítear díol, soláthar, aistriú nó onnmhairiú na n-earraí agus na teicneolaíochta dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo nó go gceadaítear cúnamh gaolmhar teicniúil nó airgeadais a sholáthar faoi Airteagal 1fa1(a), pointe (a); nó

(ii) go bhfuil díol, soláthar, aistriú nó onnmhairiú na n-earraí agus na teicneolaíochta dá dtagraítear i mír 1 nó soláthar an chúnaimh ghaolmhair theicniúil nó airgeadais beartaithe don tionscal eitlíochta nó don tionscal spáis, murar rud é go gceadaítear an díol, an soláthar, an t-aistriú nó an t-onnmhairiú sin nó go gceadaítear an cúnamh gaolmhar teicniúil nó airgeadais a sholáthar faoi mhír 4, pointe (b).

8. Féadfaidh na húdaráis inniúla údarú atá deonaithe acu de bhun mhíreanna 4 agus 5 a neamhniú, a chur ar fionraí, a mhodhnú nó a chúlghairm má mheasann siad gur gá an neamhniú, an cur ar fionraí, an modhnú nó an chúlghairm sin chun go gcuirfear an Rialachán seo chun feidhme go héifeachtach.

Airteagal 1f

1. Earraí agus teicneolaíocht lena bhféadfaí rannchuidiú le feabhsú míleata agus teicneolaíoch na Bealarúise, nó le forbairt earnáil cosanta agus slándála na Bealarúise, mar a liostaítear in Iarscríbhinn Va, bíodh siad de thionscnamh an Aontais nó ná bíodh, beidh toirmeasc ar na hearraí agus an teicneolaíocht sin a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, go díreach nó go hindíreach, le haon duine nádúrtha nó duine dlítheanach, le haon eintiteas nó comhlacht, sa Bhealarúis nó lena n-úsáid sa Bhealarúis.

2. Beidh toirmeasc ar an méid seo a leanas:

(a) cúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a bhaineann leis na hearraí agus an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 agus a bhaineann le soláthar, monarú, cothabháil agus úsáid na n-earraí agus na teicneolaíochta sin, a sholáthar go díreach nó go hindíreach, d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, d'aon eintiteas nó comhlacht sa Bhealarúis nó lena n-úsáid sa Bhealarúis; nó

(b) maoiniú nó cúnamh airgeadais a sholáthar a bhaineann leis na hearraí agus leis an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 chun na hearraí agus an teicneolaíocht sin a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, nó chun cúnamh teicniúil gaolmhar, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, d'eintiteas nó do chomhlacht sa Bhealarúis nó lena n-úsáid sa Bhealarúis.

3. Ní bheidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1 agus 2 maidir leis na hearraí ná an teicneolaíocht a liostaítear i mír 1, a dhíol, a sholáthar, a aistriú ná a onnmhairiú, ná leis an gcúnamh gaolmhar teicniúil ná airgeadais a sholáthar, i gcomhair úsáid neamh-mhíleata agus d'úsáideoir deiridh neamh-mhíleata, más beartaithe don mhéid seo a leanas atá sé:

(a) críocha daonnúla, éigeandálaí sláinte, chun teagmhas a chosc nó a mhaolú go práinneach ar dócha go mbeadh tionchar tromchúiseach suntasach aige ar shláinte agus ar shábháilteacht an duine nó ar an gcomhshaol, nó mar fhreagairt ar thubaistí nádúrtha;

(b) críocha leighis nó cógaisíochta;

(c) onnmhairiú sealadach ítimí lena n-úsáid ag na meáin nuachta;

(d) nuashonruithe bogearraí;

(e) úsáid mar ghléasanna cumarsáide tomhaltóirí; nó

(f) úsáid phearsanta daoine nádúrtha atá ag taisteal chun na Bealarúise nó daoine dá neasteaghlach atá ag taisteal ina dteannta, agus é sin teoranta d'earraí pearsanta, earraí tí, feithiclí nó uirlisí ceirde atá faoi úinéireacht na ndaoine aonair sin agus nach bhfuil beartaithe lena ndíol.

Cé is moite de phointe (f) den chéad fhomhír, dearbhóidh an t-onnmhaireoir sa dearbhú custaim go bhfuil na hítimí sin á n-onnmhairiú faoin eisceacht ábhartha a leagtar amach sa mhír seo agus tabharfaidh sé fógra d'údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil an t-onnmhaireoir ina chónaí nó ina bhfuil sé bunaithe le haghaidh chéad úsáid na heisceachta ábhartha laistigh de 30 lá tar éis an dáta ar tharla an chéad onnmhairiú.

4. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2, féadfaidh an t-údarás inniúil a údarú earraí agus teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, nó an cúnamh gaolmhar teicniúil nó airgeadais a sholáthar, i gcomhair úsáid neamh-mhíleata agus d'úsáideoir deiridh neamh-mhíleata, tar éis do na húdaráis sin a chinneadh gur beartaithe don mhéid seo a leanas atá na hearraí nó an teicneolaíocht sin nó an cúnamh gaolmhar teicniúil nó airgeadais sin:

(a) comhar idir an tAontas, rialtais na mBallstát agus rialtas na Bealarúise in ábhair ar ábhair shibhialtacha amháin iad;

(b) comhar idir-rialtasach i gcláir spáis;

(c) oibriú, cothabháil, athchóireáil breosla agus sábháilteacht cumas núicléach sibhialta, chomh maith le comhar núicléach sibhialta, go háirithe i réimse an taighde agus na forbartha;

(d) sábháilteacht mhuirí;

(e) líonraí cumarsáide leictreonaí sibhialtacha nach bhfuil ar fáil go poiblí agus nach maoin iad de chuid eintitis atá faoi rialú poiblí nó faoi úinéireacht phoiblí os cionn 50 %;

(f) úsáid eisiach eintiteas atá faoi úinéireacht, nó á rialú go haonarach nó i gcomhpháirt ag duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá corpraithe nó comhdhéanta faoi dhlí Ballstáit nó tíre comhpháirtíochta;

(g) ionadaíocht taidhleoireachta an Aontais, na mBallstát agus na dtíortha comhpháirtíochta, lena n-áirítear toscaireachtaí, ambasáidí agus misin; nó

(h) an chibearshlándáil agus slándáil faisnéise a áirithiú do dhaoine nádúrtha agus dlítheanacha, d'eintitis agus do chomhlachtaí sa Bhealarúis, cé is moite dá rialtas agus do na gnóthais atá faoi rialú díreach nó indíreach an rialtais sin.

4a. Gan dochar do mhír 4(e) agus de mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2, féadfaidh an t-údarás inniúil a údarú earraí agus teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, nó an cúnamh gaolmhar teicniúil nó airgeadais a sholáthar, i gcomhair úsáid neamh-mhíleata agus d'úsáideoir deiridh neamh-mhíleata, tar éis do na húdaráis sin a chinneadh go bhfuil na hearraí nó an teicneolaíocht sin nó an cúnamh gaolmhar teicniúil nó airgeadais sin beartaithe do chlabhsúr a chur faoin 6 Feabhra 2024, ar chonarthaí agus ar oibríochtaí a bheidh ar siúl an 5 Lúnasa 2023 agus atá riachtanach chun seirbhísí teileachumarsáide sibhialta a sholáthar do phobal sibhialta na Bealarúise.

5. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2, féadfaidh na húdaráis inniúla a údarú earraí nó an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, nó an cúnamh gaolmhar teicniúil nó airgeadais a sholáthar, i gcomhair úsáid neamh-mhíleata agus d'úsáideoir deiridh neamh-mhíleata, tar éis don údarás sin a chinneadh go bhfuil na hearraí nó an teicneolaíocht sin nó an cúnamh gaolmhar teicniúil nó airgeadais sin dlite faoi chonarthaí a tugadh i gcrích roimh an 3 Márta 2022, nó faoi chonarthaí coimhdeacha is gá chun conarthaí mar sin a fhorghníomhú, ar choinníoll gur iarradh an t-údarú roimh an 1 Bealtaine 2022.

5a. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2, féadfaidh údarás inniúil Bhallstát díol, soláthar, aistriú nó onnmhairiú earraí a thagann faoi chóid AC 8536 69, 8536 90, 8541 30, 8541 60 mar a liostaítear in Iarscríbhinn Va a údarú go dtí an 6 Feabhra 2024, nó soláthar an chúnaimh ghaolmhair theicniúil nó airgeadais a údarú, a mhéid is gá sin chun go mbeidh comhfhiontar a bhfuil úinéireacht tromlaigh ag cuideachta atá bunaithe san Aontas air an 5 Lúnasa 2023 in ann na hearraí sin a phróiseáil sa Bhílearúis, chun críche iad a allmhairiú isteach san Aontas ina dhiaidh sin agus chun earraí a tháirgeadh san Aontas ina dhiaidh sin a bhfuil sé beartaithe iad a úsáid san earnáil sláinte nó cógaisíochta, nó i réimse an taighde agus na forbartha.

6. Na húdaruithe uile a éilítear faoin Airteagal seo, deonóidh na húdaráis inniúla iad i gcomhréir leis na rialacha agus leis na nósanna imeachta a leagtar síos i Rialachán (AE) 2021/821, a mbeidh feidhm *mutatis mutandis* aige. Beidh an t-údarú bailí ar fud an Aontais.

7. Agus cinneadh á dhéanamh maidir le hiarrataí ar údaruithe de bhun mhíreanna 4 agus 5, ní dhéanfaidh na húdaráis inniúla údarú a dheonú má tá forais réasúnta acu leis an méid seo a leanas a chreidiúint:

(i) go bhféadfadh sé gur úsáideoir deiridh míleata, nó duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht a liostaítear in Iarscríbhinn V atá san úsáideoir deiridh nó go bhféadfadh úsáid deiridh mhíleata a bheith ag na hearraí murar rud é go gceadaítear díol, soláthar, aistriú nó onnmhairiú na n-earraí agus na teicneolaíochta dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo nó go gceadaítear cúnamh gaolmhar teicniúil nó airgeadais a sholáthar faoi Airteagal 1fa(1); nó

(ii) go bhfuil díol, soláthar, aistriú nó onnmhairiú na n-earraí agus na teicneolaíochta dá dtagraítear i mír 1 nó soláthar an chúnaimh ghaolmhair theicniúil nó airgeadais beartaithe don tionscal eitlíochta nó don tionscal spáis, murar rud é go gceadaítear an díol, an soláthar, an t-aistriú nó an t-onnmhairiú sin nó go gceadaítear an cúnamh gaolmhar teicniúil nó airgeadais a sholáthar faoi mhír 4, pointe (b);

8. Féadfaidh na húdaráis inniúla údarú atá deonaithe acu de bhun mhíreanna 4 agus 5 a neamhniú, a chur ar fionraí, a mhodhnú nó a chúlghairm má mheasann siad gur gá an neamhniú, an cur ar fionraí, an modhnú nó an chúlghairm sin chun go gcuirfear an Rialachán seo chun feidhme go héifeachtach.';

(3) cuirtear an t-airteagal seo a leanas isteach:

'*Airteagal 1sa*

1. Earraí agus teicneolaíocht atá oiriúnach lena n-úsáid sa tionscal eitlíochta nó sa tionscal spáis, mar a liostaítear iad in Iarscríbhinn XVII, bíodh siad de thionscnamh an Aontais nó ná bíodh siad, beidh toirmeasc ar na hearraí agus an teicneolaíocht sin a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, go díreach nó go hindíreach, le haon duine nádúrtha nó dlítheanach, le haon eintiteas nó comhlacht sa Bhealarúis nó lena n-úsáid sa Bhealarúis.

2. Beidh toirmeasc ar árachas agus athárachas a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, i ndáil leis na hearraí agus an teicneolaíocht a liostaítear in Iarscríbhinn XVII, d'aon duine, d'aon eintiteas nó d'aon chomhlacht sa Bhealarúis nó lena n-úsáid sa Bhealarúis.

3. Beidh toirmeasc ar aon cheann nó aon chumasc de na gníomhaíochtaí seo a leanas a sholáthar: ollchóiriú, deisiú, iniúchadh, athionadú, modhnú nó ceartú lochta a dhéanamh ar aerárthach nó ar chomhpháirt, cé is moite d'iniúchadh réamheitilte, a bhaineann leis na hearraí agus leis an teicneolaíocht a liostaítear in Iarscríbhinn XVII, go díreach nó go hindíreach, d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, d'aon eintiteas nó comhlacht sa Bhealarúis nó lena n-úsáid sa Bhealarúis.

4. Beidh toirmeasc ar an méid a leanas:

(a) cúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a bhaineann leis na hearraí agus an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 agus a bhaineann le soláthar, monarú agus cothabháil na n-earraí agus na teicneolaíochta sin, a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, d'aon eintiteas nó comhlacht sa Bhealarúis nó lena n-úsáid sa Bhealarúis; nó

(b) maoiniú nó cúnamh airgeadais a bhaineann leis na hearraí agus leis an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 a sholáthar i ndáil leis na hearraí agus an teicneolaíocht sin a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, nó i ndáil le cúnamh gaolmhar teicniúil, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí gaolmhara eile a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, d'aon eintiteas nó comhlacht sa Bhealarúis nó lena n-úsáid sa Bhealarúis.

5. Ní bheidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1 agus 4 maidir le forghníomhú conarthaí a tugadh i gcrích roimh an 5 Lúnasa 2023, nó maidir le forghníomhú conarthaí coimhdeacha is gá chun na conarthaí sin a fhorghníomhú, go dtí an 4 Meán Fómhair 2023.

6. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 4, féadfaidh na húdaráis inniúla náisiúnta a údarúrt, faoi cibé coinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, go bhforghníomhófaí léas airgeadais aerárthaigh ar tugadh i gcrích an léas roimh an 5 Lúnasa 2023, tar éis dóibh an méid seo a leanas a chinneadh:

(a) gur gá a áirithiú go ndéanfaí aisíocaíochtaí léasa le duine dlítheanach, le heintiteas nó le comhlacht atá corpraithe nó comhdhéanta faoi dhlí Ballstáit nach dtagann faoi aon cheann de na bearta sriantacha dá bhforáiltear sa Rialachán seo; agus

(b) nach gcuirfear aon acmhainn eacnamaíoch ar fáil don chontrapháirtí Bealarúiseach, cé is moite d'úinéireacht an aerárthaigh a aistriú tar éis an léas airgeadais a aisíoc ina iomláine.

7. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 4, féadfaidh na húdaráis inniúla, faoi na coinníollacha sin a mheasann siad a bheith iomchuí, díol, soláthar, aistriú nó onnmhairiú na n-earraí a thagann faoi chóid AC 8517 71 00, 8517 79 00 agus 9026 00 00 a liostaítear in Iarscríbhinn XVII a údarú, nó cúnamh gaolmhar teicniúil, seirbhísí gaolmhara bróicéireachta, maoiniú nó cúnamh gaolmhar airgeadais a údarú, tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil sé riachtanach chun críoch leighis nó cógaisíochta, nó chun críoch daonnúil, mar shampla cúnamh a sheachadadh nó seachadadh an chúnaimh a éascú, lena n-áirítear soláthairtí leighis, bia, nó oibrithe daonnúla agus cúnamh gaolmhar a aistriú nó chun críoch aslonnuithe.

Agus cinneadh á dhéanamh maidir le hiarrataí ar údaruithe chun críoch leighis, cógaisíochta nó daonnúil i gcomhréir leis an mír seo, ní dheonóidh na húdaráis náisiúnta inniúla údarú le haghaidh onnmhairí d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, d'aon eintiteas nó comhlacht sa Bhealarúis, nó lena n-úsáid sa Bhealarúis, má tá forais réasúnacha acu chun a chreidiúint go bhféadfadh úsáid deiridh mhíleata a bheith ag na hearraí.

8. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú arna dheonú faoin Airteagal seo laistigh de 2 sheachtain ón a údarú.

9. Beidh an toirmeasc i mír 1 gan dochar d'Airteagail 1e(4), pointe (b) agus 1f(4), pointe (b).

10. Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc i mír 4, pointe (a) maidir le malartú faisnéise arb é is aidhm dó caighdeáin theicniúla a bhunú faoi chuimsiú na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta i ndáil le hearraí agus teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1.';

(4) Leasaítear Iarscríbhinn Va a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

(5) Cuirtear an téacs a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo leis mar Iarscríbhinn XVI agus Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 765/2006.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 3 Lúnasa 2023.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
P. NAVARRO RÍOS

IARSCRÍBHINN I

Leasaítear Iarscríbhinn Va a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 mar a leanas:

(1) cuirtear an ceannteideal seo a leanas isteach i ndiaidh an teidil 'LIOSTA NA nEARRAÍ AGUS NA TEICNEOLAÍOCHTA DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAIL 1f(1) AGUS 1fa(1)':

'Cuid A';

(2) in 'Catagóir I — Leictreonaic', faoi 'X.A.I.003' Trealamh próiseála sonrach, seachas iad siúd a shonraítear in CML nó i Rialachán (AE) 2021/821, mar a leanas:', cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe a:

'a. Athróirí minicíochta agus a gcomhpháirteanna saindeartha, seachas iad sin a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821'

(3) cuirtear an chuid seo a leanas isteach:

'Cuid B

1. Gléasanna leathsheoltóra

Cód AC	Tuairisc
8541 10	Dé-óidí, seachas dé-óidí fótamhothálacha nó dé-óidí astaithe solais (LED)
8541 21	Trasraitheoirí, seachas trasraitheoirí fótamhothálacha ag a bhfuil ráta ídithe is lú ná 1 W
8541 29	Trasraitheoirí eile, seachas trasraitheoirí fótamhothálacha
8541 30	Tíreastóirí, DIACanna agus TRIACanna (seachas gléasanna leathsheoltóra fótamhothálacha)
8541 49	Gléasanna leathsheoltóra fótamhothálacha (seachas gineadóirí agus cealla fótavoltacha)
8541 51	Gléasanna leathsheoltóra eile: Trasduchtóirí bunaithe ar leathsheoltóir
8541 59	Gléasanna leathsheoltóra eile
8541 60	Criostail phísileictreacha shuite

2. Ciorcaid iomlánaithe leictreonacha, trealamh monaraíochta agus tástála

Cód AC	Tuairisc
8486 10	Meaisíní agus gléasra le haghaidh peileanna nó sliseoga a mhonarú
8486 20	Meaisíní agus gléasra le haghaidh gléasanna leathsheoltóra nó ciorcaid iomlánaithe leictreonacha a mhonarú
8486 40	Meaisíní agus gléasra a shonraítear i nóta 11(C) a ghabhann leis an gcaibidil seo
8534 00	Ciorcaid phriontáilte
8542 31	Próiseálaithe agus rialaitheoirí, bídís nó ná bídís comhcheangailte le cuimhní, tiontairí, ciorcaid loighce, aimplitheoirí, ciorcaid chloig agus uainiúcháin, nó ciorcaid eile
8542 32	Cuimhní
8542 33	Aimplitheoirí
8542 39	Ciorcaid iomlánaithe leictreonacha eile
8543 20	Gineadóirí comharthaí
9030 20	Ascalascóip agus ascalagraif
9030 32	Ilmhéadair ina bhfuil gléas taifeadta

Cód AC	Tuairisc
9030 39	Ionstraimí agus gléasra chun voltas, sruth, friotaíocht nó cumhacht leictreach a thomhas nó a sheiceáil, ina bhfuil gléas taifeadta
9030 82	Ionstraimí agus gléasra chun sliseoga nó gléasanna leathsheoltóra a thomhas nó a sheiceáil

3. Ceamaraí fótagrafacha agus comhpháirteanna optúla

Cód AC	Tuairisc
8525 89	Ceamaraí eile teilifíse, digiteacha agus fístaifeadáin
9013 10	Treoracha teileascópacha le feistiú ar airm; peireascóip; teileascóip atá deartha le bheith ina gcuid de mheaisíní, fearais, ionstraimí nó gléasra den chaibidil seo nó de Roinn XVI
9013 80	Gléasanna, gléasra agus ionstraimí optúla eile

4. Comhpháirteanna leictreacha/maighnéadacha eile

Cód AC	Tuairisc
8532 21	Toilleoirí seasta tantalaim eile
8532 24	Toilleoirí ilsraitheacha tréleictreacha ceirmeacha
8536 69	Plocóidí agus soicéid
8536 90	Gléasra eile le haghaidh ciorcaid leictreonacha a lascadh nó a chosaint, nó le haghaidh naisc a dhéanamh le ciorcaid leictreacha nó laistigh díobh (mar shampla, lasca, athsheachadáin, fiúsanna, sochtóirí borrtha, plocóidí, soicéid, cróite lampaí agus nascóirí eile, comhchumair), le haghaidh voltas nach mó ná 1 000 V; nascóirí le haghaidh snáithíní optúla, cuacha snáithíní nó cáblaí optúla
8548 00	Páirteanna leictreacha d'innealra nó de ghléasra, nach bhfuil sonraithe ná áirithe aon áit eile i gCaibidil 85

5. Gléasanna, modúil agus cóimeálacha leictreonacha

Cód AC	Tuairisc
8471 50	Aonaid phróiseála eile seachas iad sin faoi cheannteideal 8471 41 nó 8471 49, bíodh nó ná bíodh ceann amháin nó péire de na cineálacha aonaid seo a leanas sa chásáil chéanna leo: aonaid stórála, aonaid ionchuir, aonaid aschuir
8471 80	Aonaid le haghaidh meaisíní próiseála sonraí uathoibríocha (seachas aonaid phróiseála, aonaid ionchuir nó aschuir agus aonaid stórála)
8517 62	Meaisíní le haghaidh guth, íomhánna nó sonraí eile a ghlacadh, a thiontú agus a tharchur nó a athchruthú, lena n-áirítear gléasra lasctha agus ródaithe
8517 69	Gléasra eile le haghaidh guth, íomhánna nó sonraí eile a tharchur nó a ghlacadh, lena n-áirítear gléasra le haghaidh cumarsáide i líonra le sreang nó gan sreang
8526 91	Gléasra cúnta radloingseoireachta
9014 20	Ionstraimí agus gléasra le haghaidh aerloingseoireachta nó loingseoireacht spáis (seachas compáis)
9014 80	Ionstraimí agus fearais loingseoireachta eile‘

IARSCRÍBHINN II

'IARSCRÍBHINN XVI

Liosta na n-arm tine agus na n-arm eile dá dtagraítear in Airteagal 1ba

Cód AC	Tuairisc
9303	Airm thine eile agus gléasanna comhchosúla a oibríonn trí lánán pléascach a scaoileadh
ex 9304	Airm eile (mar shampla gunnaí nó piostail tuailme, aeir, nó gáis), seachas na cinn atá faoi cheannteideal 9307

IARSCRÍBHINN XVII

Liosta na n-earraí agus na dteicneolaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 1sa

Cód AC	Tuairisc
88	Aerárthaí, spásárthaí, agus páirteanna díobh
ex 2710 19 83	Olaí hiodrálacha lena n-úsáid i bhfeithiclí a liostaítear i gCaibidil 88
ex 2710 19 99	Olaí bealaithe eile agus olaí eile lena n-úsáid san eitlíocht
4011 30 00	Boinn neomatacha nua as rubar, den chineál a úsáidtear ar aerárthaí
ex 6813 20 00	Dioscaí agus pillíní coscáin lena n-úsáid ar aerárthaí
6813 81 00	Líneálacha agus pillíní coscáin
8411 11	Innill turba-scairde a bhfuil sá <= 25 kn acu
8411 12	Innill turba-scairde a bhfuil sá > 25 kn acu
8411 21	Turba-liáin a bhfuil <= 1 100 kw acu
8411 22	Turba-liáin a bhfuil > 1 100 kw acu
8411 91	Codanna d'innill turba-scairde nó de thurba-liáin, nach bhfuil sonraithe aon áit eile.
8517 71 00	Aeróga agus frithchaiteoirí aeróige de gach cineál; páirteanna atá oiriúnach le húsáid leo
ex 8517 79 00	Páirteanna eile a bhaineann le haeróga
9024 10 00	Meaisíní agus gléasra chun cruas, neart, in-chomhbhrúiteacht, leaisteachas nó airíonna meicniúla eile na n-ábhar a thástáil: Meaisíní agus gléasra chun miotail a thástáil
9026 00 00	Ionstraimí agus gléasra chun sreabhadh, leibhéal, brú nó athróga eile leachtanna nó gás a thomhas nó a sheiceáil (mar shampla sreabhmhéadair, tomhsairí leibhéil, manaiméadair, méadair teasa, mar shampla), seachas na hionstraimí agus na gléasra atá faoi cheannteidil 9014, 9015, 9028 nó 9032'